



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2023
COM(2023) 460 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le feidhmiú Threoir 2014/23/AE maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain
agus maidir le tionchar na n-eisiamh a leagtar amach in Airteagal 12 ar an margadh
innmheánach**

{SWD(2023) 267 final}

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

**maidir le feidhmiú Threoir 2014/23/AE maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain
agus maidir le tionchar na n-eisiamh a leagtar amach in Airteagal 12 ar an margadh
inmheánach**

1. RÉAMHRÁ

Measann an Coimisiún go raibh luach foriomlán an tsoláthair rialtais san Aontas thart ar EUR 2 163 bhilliún in 2018 nó 13.6 % de OTI an Aontais¹, as ar cumhdaíodh thart ar EUR 670 billiún² leis an trí Threoir um sholáthar poiblí. Nuair is gá d'údarais phoiblí úsáid a bhaint as caipiteal agus saineolas príobháideach chun acmhainní poiblí tearca a chomhlánú, féadfaidh lamháltais a bheith ina slí an-tarraingteach chun tionscadail leasa phoiblí a chur i gcrích agus fiachas poiblí a theorannú ag an am céanna. Is socruithe conarthacha iad lamháltais ina gcuireann údarás poiblí conarthach amháin nó níos mó nó eintiteas conarthach amháin nó níos mó de chúram ar oibreoir eacnamaíoch príobháideach amháin nó níos mó oibreacha a chur i gcrích, nó seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú. Tá conarthaí lamháltais, arb ionann iad agus meánluach EUR 63 bhilliún in aghaidh na bliana, mar bhonn agus mar thaca ag comhpháirtíochtaí idir an earnáil phoiblí agus cuideachtaí príobháideacha i bpríomh-earnálacha straitéiseacha. Is amhlaidh atá go háirithe maidir le forbairt bonneagair, amhail calafoirt agus aerfoirt, garáistí páirceála, bóithre dola, cothabháil mótarbhealaí, nó soláthar seirbhísí lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta amhail fuinneamh nó diúscairt dramhaíola.

Glacadh Treoir 2014/23/AE³ maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain (dá ngairtear an 'Treoir' anseo feasta) chun aghaidh a thabhairt ar easpa creat comhleanúnach uilechuimsitheach le haghaidh lamháltas ar leibhéal an Aontais. Is é is aidhm don Treoir creat dlíthiúil soiléir a sholáthar lena gcuirtear úsáid lamháltas chun cinn agus lena bhfeabhsaítear rochtain ar an margadh do ghnólaigh ag an am céanna trí thrédhearcacht agus cothroime i nósanna imeachta dámhachtana a áirithiú.

Tugtar sainordú leis an gceathrú mír d'Airteagal 53 den Treoir don Choimisiún 'athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú na Treorach seo agus [...] tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle', agus ceanglaítear leis an tríú mír den Airteagal sin ar an gCoimisiún 'measúnú a dhéanamh ar na héifeachtaí eacnamaíocha ar an margadh inmheánach atá ag eisiamh [na hearnála uisce]' ó raon feidhme na Treorach. Sa Tuarascáil seo cuirtear príomhthorthaí an athbhreithnithe agus an mheasúnaithe sin i láthair. Baintear leas inti as

¹ Táscairí Soláthair Phoiblí 2018, AS GROW, 17 Bealtaine 2021 (<https://ec.europa.eu/docsroom/documents/48156>).

² Féach nóta 1, leathanach 1.

³ Treoir 2014/23/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain, IO L 94, 28.3.2014, lgh. 1–64.

faisnéis ó Dhoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le cur i bhfeidhm na Treorach ('Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin'), atá le léamh in éineacht leis an Tuarascáil seo.

Tá an Tuairisc agus an Doiciméad Inmheánach Oibre bunaithe ar chorpas fianaise ó fhoinsí éagsúla, mar shampla sonraí a baineadh as bunachar sonraí an Tenders Electronic Daily (TED); faisnéis arna cur ar fáil ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 45 den Treoir⁴; an Staidéar ar chur chun feidhme na Treorach um Lamháltais a rinne London Economics Europe agus Spark Legal (2021) don Choimisiún⁵; suirbhé a sheol seirbhísí an Choimisiúin in 2021 chun faisnéis a bhailiú ó na Ballstáit maidir le heagrú na hearnála uisce agus tuairimí a léirigh páirtithe leasmhara le linn imeachta do pháirtithe leasmhara ar líne a d'eagraigh an Coimisiún maidir leis an athbhreithniú ar fheidhmiú na Treorach agus ar an measúnú ar eisiamh uisce.

Ní féidir measúnú iomlán ar fheidhmiú na Treorach agus ar eisiamh na hearnála uisce a dhéanamh ag an bpointe seo mar gheall ar thrasuí déanach na Treorach ag na Ballstáit go léir; níor cuireadh an Treoir i bhfeidhm san Aontas ar fad ach ó 2020. Tá gá le tuilleadh taithí ar an Treoir chun measúnú iomlán a dhéanamh ar fheidhmiú na Treorach agus ar an tionchar atá ag an earnáil uisce a eisiamh ó raon feidhme na Treorach. Mar sin féin, léiríonn na treochtaí a breathnaíodh ar bhonn na sonraí atá ar fáil go bhfuil níos mó trédhearcachta i gconarthaí lamháltais, go bhfuil níos mó FBManna rannpháirteach i lamháltais agus go bhfuil feabhas tagtha ar chumas riaracháin chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar poiblí agus ar lamháltais ar an leibhéal náisiúnta.

2. MARGADH LAMHÁLTAS AN AONTAIS

Meastar gurb é EUR 377.5 billiún luach iomlán na lamháltas a cumhdaíodh leis an Treoir agus a dámhadh idir 2016 agus 2021. Is ionann luach iomlán na lamháltas agus 12 % den mhargadh soláthair phoiblí foriomlán bliantúil atá á chumhdach leis an trí Threoir um sholáthar poiblí le chéile⁶. Tá feidhm ag an Treoir maidir le lamháltais a bhfuil luach atá cothrom le EUR 5 382 000 nó níos mó acu⁷.

Mhéadaigh an líon iomlán lamháltas a dámhadh san Aontas faoi dhó, a bheag nó a mhór, ó bhí an 18 Aibreán 2016 ann - an spriocdháta don trasuí - agus tá sé ag méadú i gcónaí⁸. Tá an treocht suas seo le sonrú i bhformhór na mBallstát.

⁴ Léirítear sa cheathrú mír d'Airteagal 53 den Treoir go mbeidh an t-athbhreithniú ar fheidhmiú na Treorach bunaithe ar fhaisnéis a sholáthraíonn na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 45(3).


⁵ Foilseofar an Staidéar in éineacht leis an Tuarascáil seo.

⁶ Sonraí 2018 a thagraíonn do Threoir 2014/23/AE, do Threoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE, IO L 94, 28.3.2014, lgh. 65–242 agus Treoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE, IO L 94, 28.3.2014, lgh. 243–374.

⁷ Is minic a fhoilsítear lamháltais in TED ag a bhfuil luachanna níos ísle ná an tairseach seo.

⁸ Comparáid idir an líon iomlán lamháltas a dámhadh sa tréimhse 2012 - 18 Aibreán 2016 agus sa tréimhse 19 Aibreán 2016 - 2019. Chun tuilleadh sonraí a fháil féach Caibidil 3 de Dhoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin.

Fíor 1: Fógraí maidir le dámhachtainí lamháltais de réir bliana [líon, luach i mbilliún EUR], tíortha LEE




Foinse: Staidéar ar chur chun feidhme na Treorach um Lamháltais - London Economics Europe agus Spark Legal (2021), fíor 41.

Is ionann an Fhrainc agus an Iodáil agus níos mó ná dhá thrían de mhargadh lamháltas an Aontais. In éineacht leis an Spáinn agus leis an nGearmáin, is ionann na Ballstáit sin agus 85 % den mhéadú iomlán ar dhámhachtainí lamháltais sa tréimhse chéanna. Chláraigh Ballstáit amhail an Ostair, Poblacht na Seice, an Fhionlainn, an Ungáir, an Chróit, Málta agus an tSualainn méaduithe móra ar úsáid lamháltas freisin.

Fíor 2: Meánlíon lamháltas bliantúil de réir Bhallstáit, roimh an treoir agus ina diaidh [líon]

Meán na lamháltas bliantúil, de réir an Bhallstáit roimh threoir, roimh Threoir agus tar éis Treorach [líon]



Foinse: Ríomh inmheánach bunaithe ar Staidéar ar chur chun feidhme na Treorach um Lamháltais - London Economics Europe agus Spark Legal (2021), fíor 17.

Mhéadaigh an líon dámhachtainí lamháltais seirbhíse go mór ón 18 Aibreán 2016 - an spriodhata don trasuí. Bhí an líon dámhachtainí lamháltais oibreacha ag laghdú de réir a chéile roimh an dáta sin, áfach, agus lean sé den treocht chéanna ina dhiaidh.

Seo a leanas na hearnálacha leis an líon is mó dámhachtainí lamháltais ó 2016: (1) seirbhísí trádála óstlainne, bialainne agus miondíola; (2) seirbhísí caithimh aimsire, cultúrtha agus spóirt; agus (3) obair thógála.

3. IMEACHTAÍ TRASUITE AGUS SÁRAITHE

Is é cuspóir an Choimisiúin comhlíontacht luath a bhaint amach ionas go mbainfidh na daoine agus na gnólachtaí tairbhe as dlí an Aontais a luaithe is féidir. Sin é an fáth ar chuir an Coimisiún leis an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit thar na blianta chun cosc a chur ar shárúithe tarlú ar an gcéad dul síos agus, sa chás go dtarlaíonn siad, chun iad a réiteach ag céimeanna tosaigh an nós imeachta, gan iallach a bheith air Ballstát a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar líon na gcásanna ina raibh na Ballstáit

déanach i dtrasuí Treoracha. Chun an cur chuige sin a neartú, mhol an Coimisiún le déanaí spriocanna coincréiteacha a leagan síos maidir le forfheidhmiú a bhfuil sé d'aidhm leo an trasuí agus an t-easnamh comhréireachta araon a theorannú go 0.5 %⁹.

A mhéid a bhaineann leis an Treoir, bhí ar na Ballstáit í a thrasuí sa dlí náisiúnta faoin 18 Aibreán 2016. Nuair a bhí an tréimhse trasúimh istigh, ní raibh na bearta riachtanacha curtha in iúl don Choimisiún ach ag sé Bhallstát agus seoladh cásanna sáraithe maidir le mainneachtain cumarsáid a dhéanamh in 2016. Faoi mhí Feabhra 2020¹⁰ bhí an Treoir trasuite ag Ballstáit uile an Aontais Eorpaigh agus dúnadh gach sárú a bhain le trasuí déanach. Tá trí Bhallstát ann, áfach, nár thrasuigh an tAirteagal lena bhforáiltear d'eisiaimh shonracha ón Treoir a chur i bhfeidhm i réimse an uisce, agus tá trí Bhallstát ann nach ndearna amhlaidh ach i bpáirt. Dá bhrí sin, cuireann na Ballstáit sin an Treoir i bhfeidhm (go hiomlán nó go páirteach) maidir le lamháltais le haghaidh oibre agus seirbhísí i réimsí sonracha den earnáil uisce freisin.

Aithníodh i measúnú ar na bearta náisiúnta trasuite nach raibh ach deich mBallstát i gcomhréir go hiomlán le hoibleagáidí uile na Treorach ar lá an spriocdháta don trasuí. Dá bhrí sin, thionscain an Coimisiún imeachtaí um shárú i gcoinne na mBallstát eile i gceithre bhabhta i ndiaidh a chéile (Eanáir 2019, Deireadh Fómhair 2019, Meitheamh 2021 agus Nollaig 2021). Tar éis fógra a thabhairt faoi bhearta náisiúnta agus tar éis measúnú a dhéanamh orthu, cuireadh deireadh go foirmiúil leis na himeachtaí i gcoinne 8 mBallstát mar thoradh ar an ngníomhaíocht cheartaitheach reachtach a rinne siad. Tá na himeachtaí atá fágtha ar siúl i gcónaí¹¹ agus baineann siad le gnéithe amhail raon feidhme, na critéir maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a eisiaimh, agus conarthaí a mhodhnú.

I roinnt Ballstát, d'eisigh na húdaráis náisiúnta treoir maidir leis na rialacha i ndáil le lamháltais.

⁹ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – *The Single Market at 30* [30 Bliain den Mhargadh Aonair], COM (2023) 162 final an 16 Márta 2023.

¹⁰ Rinne an Ballstát deireanach an Treoir a thrasuí an 26.2.2020.

¹¹ Baineann cuid de na nósanna imeachta um shárú le gach ceann de na trí Threoir um sholáthar poiblí, agus dá bhrí sin ní dhúnfar go foirmiúil iad ach amháin nuair a bheidh na saincheisteanna uile (a bhaineann leis na trí Threoir dá dtagraítear i bhfonóta 6) réitithe. I ndáil leis sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh sáruthe leanúnacha á ndéanamh ag roinnt Ballstát fiú más rud é, ó cheart, gur réitíodh saincheisteanna a bhaineann le cur chun feidhme na Treorach idir an dá linn.

4. NA PRÍOMHTHORTHAÍ ÓN ATHBHREITHNIÚ AR FHEIDHMIÚ NA TREORACH

Tá dhá phríomhchuspóir ag an Treoir: (1) cinnteacht a sholáthar maidir leis an gcreat dlíthiúil trí choincheapa áirithe a shainiú agus prionsabail áirithe a bhaineann le lamháltais a dhámhachtain a chódú, i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais na hEorpa, agus (2) rochtain ar mhargaí na lamháltas a fheabhsú trí thrédhearcacht agus cothroime i nósanna imeachta dámhachtana a mhéadú.

4.1. Deimhneacht dhlíthiúil

Sainmhíniú ar ‘lamháltas’

Foráiltear leis an Treoir sainmhíniú ar lamháltais ar leibhéal an Aontais¹². Go praiticiúil, is cosúil go n-úsáidtear an téarma ‘lamháltas’ go minic i reachtaíocht na mBallstát d’earnálacha agus saincheistanna a théann thar raon feidhme na Treorach. Go háirithe, is minic a úsáideann an reachtaíocht náisiúnta, i bhformhór na mBallstát, an téarma chun tagairt a dhéanamh do choincheapa dlíthiúla eile, amhail údaruithe nó ceadúnais¹³.

D’fhéadfadh costais níos airde a bheith i gceist mar thoradh ar na neamhréireachtaí sin toisc nach féidir le hoibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach i lamháltais trasteorann brath ar aon bhrí amháin atá le ‘lamháltas’. D’fhéadfadh míthuiscintí tarlú a dtógann a réiteach a lán ama, ar thaobh na n-údarás/na n-eintiteas conarthach agus na n-oibreoirí eacnamaíocha araon mar thoradh air freisin, ní hamháin maidir le léirmhíniú an tsainmhínithe is infheidhme, ach freisin maidir leis an reachtaíocht a bhfuil feidhm aici.

An sainmhíniú ar ‘riosca oibriúcháin’

Is é atá i gceist le riosca oibriúcháin¹⁴ an rud a dhéanann idirdhealú idir conarthaí lamháltais agus cineálacha eile conarthaí poiblí. Dá bhrí sin, tá trasuí an choincheapa seo ríthábhachtach chun cur chun feidhme ceart na Treorach a áirithiú. Mar sin féin, ní dhearna ach ceithre Bhallstát an coincheap a thrasuí go díreach mar a leagtar amach sa Treoir. Thrasuigh níos mó ná fiche Ballstát an coincheap trí fhoclaíocht a bhí beagán difriúil leis an gceann dá bhforáiltear sa Treoir, agus níor thug dhá Bhallstát aghaidh ar an riosca oibriúcháin ina

¹² Sainmhínítear sa Treoir lamháltais mar chonarthaí i scríbhinn idir údarás conarthach nó eintiteas conarthach amháin nó níos mó agus oibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó (lamháltóir), i gcás ina gcuirtear de chúram ar an oibreoir sin oibreacha a dhéanamh nó seirbhísí a sholáthar agus a bhainistiú agus go dtugtar luach saothair dóibh tríd an gceart a thabhairt dóibh na hoibreacha nó na seirbhísí faoi seach a shaothrú, nó tríd an gceart sin a thabhairt dóibh in éineacht le híocaíocht.

¹³ Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir é sin agus ‘údaruithe’ nó ‘ceadúnais’ lena mbaineann údarás poiblí a bhunaíonn coinníollacha do chonraitheoir chun oibríocht áirithe a chur i gcrích. De bhrí go dtugann údarú nó ceadúnas an ceart do chonraitheoir tairbhe a bhaint as an údarú nó as an gceadúnas sin, tá lamháltóir faoi oibleagáid. Baineann Treoir 2006/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2006 maidir le seirbhísí sa mhargadh inmheánach (IO L 376, 27.12.2006, lch. 36) le húdaruithe agus ceadúnais.

¹⁴ Sainmhínítear sa Treoir an coincheap ‘riosca oibriúcháin.’ I gcás conarthaí lamháltais bíonn aistriú riosca oibriúcháin eacnamaíoch don lamháltóir i gceist i gcónaí. Ciallaíonn sé sin go bhféadfadh nach féidir leis an lamháltóir infheistíochtaí a rinneadh agus na costais a tabhaíodh i bhfeidhmiú na n-oibreacha nó na seirbhísí a dámhadh faoi ghnáthdhálaí oibriúcháin a chúiteamh, fiú má fhanann cuid den riosca leis an údarás conarthach nó leis an eintiteas conarthach.

reachtaíocht náisiúnta. Ag an bpointe seo, ní féidir a rá an bhfuil tionchar praiticiúil eacnamaíoch ag na neamhréireachtaí sin. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist le léirmhíniúthe éagsúla ar riosca oibriúcháin go gcaithfí ar bhealaí éagsúla leis an soláthar poiblí don chineál céanna oibre nó seirbhíse ar fud na mBallstát, nó nach mbeadh sé fiú faoi réir na bhforálacha lena dtrasuitear an Treoir.

Modhnuithe ar chonarthaí lamháltais

Áiríonn an Treoir freisin forálacha sonracha maidir le modhnú ar chonarthaí lamháltais a forbraíodh trí chásdlí agus soláthraíonn sí réitigh phraiticiúla chun déileáil le himthosca gan choinne a éilíonn lamháltas a mhodhnú le linn a téarma. Ní mór modhnuithe ar chonarthaí a láimhseáil go cúramach, go háirithe modhnuithe nach bhfuil comórtas nua oscailte dóibh, chun iomaíocht éifeachtach agus trédhearcacht éifeachtach a áirithiú.

Tá treoir maidir le modhnuithe conartha forbartha ag roinnt Ballstát. Tá ceanglas sainráite tugtha isteach ag aon Bhallstát déag sa reachtaíocht náisiúnta go gcaithfidh údarás rialtais eile seachas an t-údarás soláthair atá freagrach as an gconradh tosaigh aon mhodhnú a fhormheas. Is minic, áfach, a thuairiscítear modhnú ar chonarthaí le linn a dtéarma, lena n-áirítear síneadh éagórach a chur le conarthaí agus leasuithe gan glao nua ar iomaíocht mar fhoinsé chur i bhfeidhm mhícheart.

Lamháltais agus comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha eile

Soiléiríonn an Treoir na cásanna nach bhfuil conradh a rinneadh idir údarás conarthach agus oibreoir eacnamaíoch faoi réir na rialacha maidir le dhámhachtain lamháltais. Tá sé seo á threorú ag na prionsabail a leagtar amach i gcásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh toisc nach bhfuil aon dlí AE ann lena sainítear agus lena rialaítear coincheap na comhpháirtíochta poiblí príobháidí.

Tá cineálacha cur chuige difriúla glactha ag na Ballstáit maidir le reachtú faoi chomhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha. Cuimsíonn roinnt creataí dlíthiúla náisiúnta rialacha a shonraíonn an bhaint atá ag comhpháirtíochtaí poiblí príobháideacha leis na rialacha maidir le lamháltais, agus i mBallstáit eile tá sainmhíniúthe éagsúla ar an téarma comhpháirtithe poiblí príobháideacha ar leibhéal náisiúnta agus/nó níos lú soiléire maidir leis an gcaoi a dtagraíonn reachtaíocht ar an ábhar seo do shainmhíniú lamháltas agus do na rialacha maidir le lamháltais.

4.2. Feidhmiú agus forghníomhú - foinsí chur i bhfeidhm mhícheart na rialacha maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain

Tuairiscíonn na Ballstáit go léir iarrachtaí suntasacha ina n-éiríonn leo údarais faireacháin agus struchtúir faireacháin a chur ar bun chun cur i bhfeidhm ceart agus éifeachtúil na rialacha maidir le lamháltais a dhámhachtain a áirithiú. Tá Údarás Faireacháin um Sholáthar Poiblí amháin ceaptha ag formhór na mBallstát. Ní dhéantar idirdhealú sa tuairisciú ó na Ballstáit idir lamháltais agus cineálacha eile soláthairtí. Dá bhrí sin cuirtear an fhaisnéis faoi na cúiseanna le cur i bhfeidhm mícheart, le fadhbanna struchtúrtha nó le fadhbanna a tharlaíonn arís agus arís eile i láthair le haghaidh gach cineál soláthair.

Is í an chúis is minice le cur i bhfeidhm mícheart nó le héiginnteacht dhlíthiúil, mar a thuairiscíonn na Ballstáit, ná easpa scileanna soláthair, modhnú ar chonarthaí le linn a dtéarma, ríomh luach mheasta an tsoláthair agus roinnt ina bhearta ar shlí mhínádúrtha.

A mhéid a bhaineann le cur i bhfeidhm praiticiúil na rialacha, tuairiscíonn na Ballstáit deacrachtaí a bhaineann le léirmhíniú agus le cúiseanna le heisiamh a fhíorú, le critéir dhámhachtana fhiúntacha a leagan amach seachas praghas amháin, lena n-áirítear critéir a bhaineann le cuspóirí straitéiseacha, le húsáid an nós imeachta caibidlithe gan foilsíú, le rangú conarthaí mar chonarthaí poiblí nó mar lamháltas, agus le trédhearcacht.

Bhí reachtaíocht ghinearálta frith-éillithe agus institiúidí frith-éillithe curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit fiú sular glacadh an Treoir. I bhformhór na mBallstát, is iad na húdaráis iomaíochta náisiúnta, ionchúisitheoirí agus gníomhaireachtaí forfheidhmithe eile atá freagrach go príomha as beartais den sórt sin a chur i gcrích. Ina theannta sin, tá institiúidí ar leith ag roinnt Ballstát atá tiomanta do chomhrac na calaoise nó an éillithe.

Chun na rioscaí a bhaineann le coinbhleacht leasa, éilliú, claonpháirteachas agus cairtéil a mhaolú, tá bearta boga dlí glactha ag an gcuid is mó de na Ballstáit amhail straitéisí náisiúnta frith-éillithe, treoir (e.g. chun iompar claonpháirteach a bhrath, múscailt feasachta agus oiliúint, cláir trócaire d'oibreoirí a thagann chun tosaigh le faisnéis agus gníomhaíochtaí coiscithe), cóid iompair do státseirbhísigh agus gairmiúlú. Ina theannta sin, tá bearta glactha ag formhór na mBallstát a théann níos faide ná ceanglais na Treorach trí shainmhínithe níos leithne ar choinbhleacht leasa, ar phionóis nó ar neamhniú conarthaí a thabhairt isteach, mar shampla, i gcomhréir le treoirlínte ECFE¹⁵.

Bosca 1: Treoir maidir le dul i ngleic le claonpháirteachas sa soláthar poiblí agus i lamháltais

D'fhoilsigh an Coimisiún treoir nua le déanaí d'údaráis¹⁶ agus d'eintitis chonarhacha Eorpacha maidir le conas aghaidh a thabhairt ar chásanna amhrasta claonpháirteachais sa soláthar poiblí agus sna lamháltais.

Liostaítear sa treoir na huirlisí arb é is aidhm dóibh, ar an taobh amháin, tacú leis na Ballstáit agus leis na húdaráis chonarhacha chun cumas a fhorbairt aghaidh a thabhairt ar chásanna claonpháirteachais agus, ar an taobh eile, comhar a chothú idir na húdaráis lárnacha náisiúnta soláthair agus iomaíochta chun tacaíocht d'údaráis chonarhacha a áirithiú. Áirítear sa treoir freisin leideanna atá éasca le húsáid d'údaráis chonarhacha maidir le conas an foras eisiaimh a bhaineann le claonpháirteachas dá bhforáiltear sna Treoracha soláthair poiblí a chur i bhfeidhm.

¹⁵ Moladh an ECFE maidir le Camastaíl Imthairisceana a Chomhrac sa Soláthar Poiblí atá ar fáil ag: <https://www.oecd.org/daf/competition/oecdrecommendationonfightingbidrigginginpublicprocurement.htm>.

¹⁶ Fógra maidir le huirlisí chun claonpháirteachas a chomhrac sa soláthar poiblí agus maidir le treoir conas an foras eisiaimh gaolmhar a chur i bhfeidhm, C (2021) 1631 an 15.3.2021.

4.3. Torthaí a bhaineann le rochtain níos fearr ar an margadh lamháltais

Cuireadh na tosca seo a leanas san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar cibé acu ar fheabhsaigh nó nár fheabhsaigh an Treoir rochtain ar an margadh lamháltais: (i) trédhearcacht trí fhoilsiú; (ii) rannpháirtíocht FBManna i ndámhachtainí lamháltais; (iii) an líon forthairiscintí; agus (iv) rannpháirtíocht trasteorann i margadh lamháltas an Aontais.

Trédhearcacht trí fhoilsiú

Tugann na sonraí a baineadh as TED le fios go bhfuil méadú tábhachtach tagtha ar an líon fógraí lamháltais foilsithe ón 18 Aibreán 2016: ó 664 in 2016 go 1 877 in 2021. Ar an gcaoi chéanna, tá méadú tagtha ar mheán bliantúil na bhfógraí dámhachtana lamháltais foilsithe ó 143 in 2016 go 993 in 2021.

Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil an líon fógraí lamháltais fós thart ar dhá oiread chomh hard leis an líon fógraí dámhachtana lamháltais¹⁷. Feictear an neamhréir seo idir an líon fógraí lamháltais agus fógraí dámhachtana lamháltais i ngach Ballstát agus is cosúil go spreagann roinnt tosca í, mar shampla: d'fhéadfaí lamháltais a fhógairt trí fhógraí ach b'fhéidir nach ndámhtar iad i ndeireadh thiar, agus d'fhéadfadh go ndéanfaí dámhachtain lamháltais aonair d'fhógraí conarthaí iomadúla i ndeireadh thiar¹⁸.

Táthar ag súil go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht na sonraí a thuairiscítear in TED mar thoradh ar chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2019/1780¹⁹ maidir le foirmeacha caighdeánacha nua le haghaidh fógraí (ríomhfhoirmeacha), rud a bheadh sainordaitheach ón 25 Deireadh Fómhair 2023 ar aghaidh²⁰.

Cé go dtugann an méadú ar fhoilsiú na bhfógraí lamháltais agus na bhfógraí dámhachtana lamháltais le tuiscint go bhfuil feabhas tagtha ar an trédhearcacht ón 18 Aibreán 2016, is díol suntais é freisin go bhfuil méadú tagtha ar dhámhachtainí lamháltais gan fógra conartha²¹ in TED a fhoilsiú roimh ré. Ó bhí 2018 ann, tá luach bliantúil iomlán na lamháltas a dámhadh gan fógra lamháltais a fhoilsiú níos airde ná na lamháltais a dámhadh tar éis fógra lamháltais a fhoilsiú. Mar shampla, in 2021 ba é EUR 44 bhilliún luach iomlán na lamháltas a dámhadh gan fógra conartha a fhoilsiú, agus ba é EUR 37 mbilliún luach iomlán na lamháltas a

¹⁷ Foilsítear fógraí lamháltais san Iris Oifigiúil ag tús an nós imeachta tairisceana chun a áirithiú go bhfógrófar an tairiscint go leordhóthanach, ach foilsítear fógraí faoi dhámhachtain lamháltais ag an deireadh agus is é atá iontu faisnéis faoi thoradh an nós imeachta tairisceana. Chun tuilleadh sonraí a fháil léigh Caibidil 5.2 Rochtain níos fearr ar an margadh lamháltas a sholáthar den Doiciméad Immheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil.

¹⁸ D'fhéadfadh an difríocht a bheith ann mar thoradh ar mhodheolaíocht freisin mar baineadh lamháltais nár dámhadh agus a cuireadh ar ceal ón mbunachar sonraí a chláraíonn fógraí dámhachtana ach ní ón mbunachar sonraí a chláraíonn fógraí lamháltais.

¹⁹ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2303 ón gCoimisiún an 24 Samhain 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1780 an 23 Meán Fómhair 2019 lena mbunaítear foirmeacha caighdeánacha d'fhoilsiú fógraí sa réimse soláthair phoiblí IO L 305, 25.11.2022, lch. 12.

²⁰ Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2022/2303 ón 14 Samhain 2022 ar aghaidh. Idir an dáta sin agus an 24 Deireadh Fómhair 2023, tá úsáid ríomhfhoirmeacha roghnach do cheannaitheoirí. Athróidh formhór na mBallstát ag deireadh na hidirthréimhse.

²¹ De réir Airteagal 31(4) den Treoir, níl sé d'oibleagáid ar cheannaitheoir poiblí fógra lamháltais a fhoilsiú faoi chúinsí áirithe agus d'earnálacha áirithe.

dámhadh trí fhógra lamháltais a fhoilsiú. Is san earnáil dáileacháin leictreachais is mó a bhíonn lámhachtainí lamháltais gan foilsiú roimh ré, ar earnáil í nach bhfuil mórán soláthróirí inti agus ina bhféadfadh cúiseanna teicniúla nó cearta eisiacha a bheith ina gcúiseanna le heaspa iomaíochta.

Rannpháirtíocht FBManna i ndámhachtainí lamháltais

Roimh an 18 Aibreán 2016, níor taifeadadh faisnéis faoi mhéid na gconraitheoirí in TED agus dá bhrí sin ní féidir minicíocht na ndámhachtainí ar FBManna roimh an dáta a chur i gcomparáid leo siúd a rinneadh ina dhiaidh an dáta. Ó bhí 2016 ann, áfach, tá méadú suntasach tagtha ar an líon lamháltas a dhámhtar ar FBManna: ó 22.4 % in 2016 go 31.6 % in 2021. Tá comharthaí ann go meallann na Ballstáit a chuireann treoir náisiúnta ar fáil maidir le lamháltais níos mó FBManna²².

Maidir le luach, áfach, níl FBManna ina siocair le sciar chomh tábhachtach céanna de chonarthaí a dhámhtar. De réir TED, dámhadh conarthaí ar luach íseal ar FBManna den chuid is mó (d'athraigh an sciar FBManna ó 11.2 % in 2017 go 3.9 % in 2021). Cé nár bhuaiigh lamháltóirí móra ach dhá cheann i dtrí chonradh lamháltais sa tréimhse ábhartha, b'ionann conarthaí den sórt sin agus beagnach 92 % den mhargadh lamháltas ó thaobh luacha de. Tá líon agus luach na lamháltas a dhámhtar ar FBManna réasúnta íseal i gcomparáid lena dtábhacht sa gheilleagar ar an iomlán.

Léiríodh sa Straitéis FBM agus sa Phlean Gníomhaíochta um Chearta Maoine Intleachtúla²³ go dtugann soláthar nuálaíochta deiseanna gan úrnua do ghnólachtaí nuathionscanta agus d'fhorbairt réiteach nuálacha. Tá an infheistíocht phoiblí agus an nuálaíocht araon riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an téarnaimh, ar an aistriú glas agus an aistriú digiteach agus chun geilleagar níos athléimní a chruthú san Aontas Eorpach. Measann an Coimisiún gur ionstraim thábhachtach é an soláthar poiblí glas chun an t-éileamh ar tháirgí glan-nialasacha a spreagadh ar mhórsála mar a léirítear i bPlean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais²⁴.

Ina theannta sin, in 2021, ghlac an Coimisiún fógra Treorach maidir le soláthar nuálaíochta²⁵ atá beartaithe chun soláthar nuálaíochta a threisiú agus chun cabhrú le hoibreoirí eacnamaíocha réitigh nuálacha a fhorbairt in éiceachórais thionsclaíocha rithábhachtacha, go háirithe i gcás inar infheisteoirí criticiúla iad ceannaitheoirí poiblí.

²² Staidéar ar chur chun feidhme na Treorach um Lamháltais - London Economics Europe agus Spark Legal (2021), lch. 108.

²³ Teachtaireacht ón gCoimisiún. *Making the most of the EU's innovative potential – An intellectual property action plan to support the EU's recovery and resilience* (An leas is fearr a bhaint as acmhainneacht nuálach an Aontais Eorpaigh – Plean gníomhaíochta um maoine intleachtúil chun tacú le téarnamh agus athléimneacht an Aontais Eorpaigh). COM (2020)760 final, 25.11.2020.

²⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, *A Green Deal Industrial Plan for the Net-Zero Age* (Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais do Ré na Glan-nialasachta), COM(2023) 62 final an 1.2.2023.

²⁵ Fógra ón gCoimisiún *Treoir maidir le Soláthar Nuálaíochta*, C (2021) 4320, an 18.6.2021.

An líon forthairiscintí

Léiríonn anailís ar na sonraí a bailíodh ó TED ón 18 Aibreán 2016 go bhfuil laghdú tagtha ar mheánmhéid bliantúil na bhforthairiscintí in aghaidh an fhógra dámhachtana lamháltais idir 2016 agus 2019. In 2020 agus 2021, tháinig méadú ar an meánlíon dtairiscintí, ach tá an líon a tháinig isteach in 2021 níos lú i gcónaí (2.44 forthairiscint in aghaidh na dámhachtana) ná líon na bliana 2016.

Rannpháirtíocht trasteorann i margadh lamháltas an Aontais²⁶

Maidir le lamháltais ar luach íseal a thagann faoin Treoir, is é 2.4 % an sciar d'oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann tairiscint óna margadh baile chun lamháltas a bhuachan i mBallstát eile (trasteorann díreach). Is é 15.5 % an sciar d'oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann tairiscint agus a bhuann trí fhochuideachtaí áitiúla (trasteorann indíreach). Is ionann dámhachtainí trasteorann le haghaidh lamháltas ardluacha agus 3.4 % le haghaidh trasteorann díreach agus 8.5 % le haghaidh trasteorann indíreach²⁷.

Maidir le dámhachtainí laistigh den Aontas (trasteorann), tá gnólachtaí a bhfuil a gceanncheathrú sa Fhrainc acu ach a bhfuil fochuideachtaí i mBallstáit eile acu i measc na ngnólachtaí is minice a bhuann conradh lamháltais laistigh den Aontas (trasteorann), agus sna háiteanna ina ndiaidh tá gnólachtaí ó Lucsamburg, ón nGearmáin agus ón tSualainn²⁸.

Léirigh suirbhé a rinneadh mar chuid de staidéar le déanaí go mbraitheann na cuideachtaí na bacainní seo a leanas maidir leis an bpróiseas rannpháirtíochta trasteorann, rannpháirtíocht eachtrach agus maidir le conradh a chur chun feidhme²⁹: ceanglais throma riaracháin agus creat dlíthiúil trom, rochtain dheacair ar fhaisnéis soláthair, agus teanga.

Bosca 2: Rannpháirtíocht eachtrach i margadh lamháltas an Aontais

Nuair a dhéantar comparáid idir an líon dámhachtainí laistigh den Aontas (trasteorann)³⁰ agus dámhachtainí nach dámhachtainí de chuid an Aontais iad (eachtrach), is ag lamháltóirí a thagann ó thíortha nach tíortha den Aontas iad a bhformhór. Maidir le dámhachtainí neamh-AE, is iad gnólachtaí a bhfuil a gceanncheathrú sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe ach a bhfuil fochuideachtaí laistigh den Aontas acu na buaiteoirí eachtracha is minice a fhaigheann conarthaí lamháltais.

Tá bearta glactha ag an gCoimisiún chun saobhadh an mhargaidh inmheánaigh de dheasca fóirdheontais eachtracha a chosc, lena n-áirítear sa mhargadh soláthair phoiblí agus

²⁶ Conarthaí arna ndámhachtain laistigh den Aontas ag údarás conarthach nó eintiteas conarthach i mBallstát amháin ar oibreoir eacnamaíoch ó Bhallstát eile.

²⁷ Study on the measurement of cross-border penetration in the EU public procurement market, Final report, Prometeia SpA, BIP Business Integration Partners– Spa, Economics for Policy a knowledge Center of Nova School of Business and Economics Lisboa, Márta 2021, lgh. 66 agus 78.

²⁸ Chun tuilleadh sonraí a fháil léigh Caibidil 5.3 Rannpháirtíocht trasteorann agus eachtrach i margadh lamháltas an Aontais den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Tuarascáil.

²⁹ Féach fonóta 25, lch. 10.

³⁰ Conarthaí arna ndámhachtain ag údarás conarthach nó eintiteas conarthach i mBallstát amháin ar oibreoir eacnamaíoch ó thríú tír.

lamháltais. I ndáil leis sin, tá sé d'aidhm ag an Rialachán maidir le fóirdheontais eachtracha³¹ a glacadh an 14 Nollaig 2022 dul i ngleic go cuí le tairiscintí atá ag baint leas as fóirdheontais eachtracha i gconarthaí soláthair phoiblí agus le lamháltais is cúis le saobhadh sa mhargadh inmheánach. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún, ar fhógra a fháil sula ndámhtar conradh, scrúdú a dhéanamh ar fhaisnéis faoi ranníocaíochtaí eachtracha airgeadais leis an oibreoir eacnamaíoch atá rannpháirteach i gcomhthéacs nós imeachta soláthair phoiblí agus lamháltas. Tá réamhfhógra sainordaitheach os cionn tairseach EUR 250 milliún, chun cásanna atá soiléir ó thaobh an gheilleagair de a ghabháil. Beidh feidhm ag an Rialachán ón 12 Iúil 2023 ar aghaidh.

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán Ionstraim Soláthair Idirnáisiúnta (IPI)³² margaí soláthair agus lamháltais tríú tíortha a oscailt a chuireann srian ar rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí nó seirbhísí an Aontais trí chur ar chumas an Choimisiúin cásanna a imscrúdú agus comhairliúcháin a réachtáil ag an am céanna leis an tríú tír lena mbaineann maidir leis na srianta líomhnaithe a bhaint. Má theipeann ar na comhairliúcháin leis an tríú tír sin, áfach, is féidir leis an gCoimisiún bearta IPI a ghlacadh chun rochtain oibreoirí, earraí agus seirbhísí na tríú tíre sin ar mhargaí soláthair agus lamháltais an Aontais a shrianadh.

5. TORTHAÍ AR THIONCHAR NA TREORACH AR AN EARNÁIL UISCE

Ní áirítear lamháltais sa Treoir maidir le soláthar nó oibriú líonraí atá beartaithe chun uisce a tháirgeadh, a dháileadh nó a iompar mar sheirbhís don phobal. Tá na lamháltais go léir maidir le soláthar uisce do na líonraí seo eisiata, mar atá siad siúd a bhaineann le diúscairt nó cóireáil séarachais. Mar sin féin, tá cinneadh déanta ag roinnt Ballstát na gníomhaíochtaí sin uile a áireamh ina mbearta náisiúnta trasuite.

Forbhreathnú ar an earnáil uisce san Aontas

In 2021, sholáthair tionscal uisce an Aontais uisce óil do thart ar 450 milliún cónaitheoir san Aontas. De réir Eurostat, tá beagnach 15 500 cuideachta gníomhach i mbailiú, cóireáil agus soláthar uisce agus timpeall 11 000 cuideachta i gcúrsaí séarachais. Cé go bhfeidhmíonn cuideachtaí atá gníomhach san earnáil uisce ar leibhéal intíre den chuid is mó, tá roinnt rannpháirtíochta trasteorann ann go hindíreach den chuid is mó, trí fhochuideachtaí áitiúla atá faoi úinéireacht eachtrach.

Ó thaobh na heacnamaíochta de, is earnáil an-dian ar chaipiteal é uisce, le teipeanna margaidh a bhféadfadh idirghabháil Stáit a bheith ag teastáil uathu. Áirítear leo, ar thaobh amháin, nádúr bunriachtanach an uisce agus ar an taobh eile, scála na n-infheistíochtaí i líonraí a chuaigh go tóin poill, go háirithe i gceantair iargúlta nó i gceantair nach bhfuil mórán daonra iontu. Ceantair iad ina mbíonn achar ama fada aisghabhála i gceist mar aon le rioscaí

³¹ Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach, IO L 330 an 23.12.2022, lch 1.

³² Rialachán (AE) 2022/1031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meitheamh 2022 maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí tríú tíortha ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais an Aontais agus maidir le nósanna imeachta a thacaíonn leis an gcaibidlíocht maidir le rochtain oibreoirí eacnamaíocha, earraí agus seirbhísí an Aontais ar mhargaí soláthair phoiblí agus lamháltais tríú tíortha (Ionstraim Soláthair Phoiblí Idirnáisiúnta – IPI) (IO L 173, 30.6.2022, lch. 1).

substaintiúla. Mar thoradh ar thábhacht shochaíoch a aithint agus teipeanna margaidh san earnáil uisce a chosc, tugtar cóireáil ar leith d'uisce sa Treoir maidir le Lamháltais.

Cuireann na Ballstáit múnlaí bainistíochta éagsúla i bhfeidhm maidir le seirbhísí uisce a sholáthar. Braitheann na bealaí ina n-eagraítear seirbhísí uisce ar mheascán de thosca stairiúla, cultúrtha, eacnamaíocha agus sochaíocha.

Is féidir foirmeacha éagsúla de rannpháirtíocht na hearnála príobháidí san earnáil uisce san Eoraip a rianú siar go dtí an 19ú haois. Thosaigh an líon conarthaí a raibh baint ag comhpháirtithe príobháideacha leo ag méadú go suntasach tar éis 1980. I measc na dtosca a thacaigh le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí, b'fhéidir, bheadh cáilíocht agus éifeachtúlacht fheabhsaithe seirbhíse, éifeachtúlacht fheabhsaithe bainistíochta (i.e. rochtain níos éasca ar mhargaí caipitil). Mar sin féin, bhí rannpháirtíocht phoiblí fós tábhachtach chun freastal ar riachtanais shochaíocha níos leithne.

An earnáil uisce ó bhí an 18 Aibreán 2016 ann

Cuireann trí Bhallstát forálacha na Treorach maidir le lamháltais san earnáil uisce (Poblacht na Seice, an Pholainn, an Rómáin) i bhfeidhm go hiomlán, agus cuireann trí Bhallstát eile (an Bhulgáir, an Fhrainc, an Spáinn) i bhfeidhm go páirteach í.

Bunaithe ar shonraí stairiúla GWI WaterData³³ maidir leis an earnáil uisce, bhí taithí shuntasach cheana féin ag na Ballstáit a chinn an Treoir a chur i bhfeidhm i réimse an uisce le rannpháirtíocht phríobháideach den sórt céanna san am atá thart. I gcodarsnacht leis sin, bhí taifead éigin de rannpháirtíocht na hearnála príobháidí ag roinnt Ballstát a chinn an earnáil uisce a choinneáil lasmuigh dá mbearta náisiúnta trasuite, go háirithe an Iodáil, an Ghearmáin agus an Phortaingéil.

Ó bhí mí Aibreáin 2016 ann, tá níos mó trédhearcachta ann maidir le conarthaí lamháltais san earnáil uisce. De réir TED, rinneadh thart ar 225 fhógra dámhachtana lamháltais sa tréimhse 2016 go 2021, ag méadú ó 3 fhógra dámhachtana lamháltais in 2016 go 66 fhógra dámhachtana lamháltais in 2021. Chuir údaráis chonarthacha na Fraince formhór mór na lamháltas (194) i gcrích, agus údaráis i bPoblacht na Seice (18), sa Spáinn, sa Pholainn agus sa Rómáin díreach ina ndiaidh.

B'ionann luach iomlán na bhfógraí dámhachtana lamháltas mar a taifeadadh iad in TED san earnáil uisce agus beagnach EUR 7 mbilliún idir 2016 agus 2021. I gcomparáid le luach iomlán na lamháltas a dámhadtar an tréimhse chéanna (EUR 377.5 billiún), is ionann luach na lamháltas san earnáil uisce agus níos lú ná 2 %. Chomh maith leis sin, i gcomparáid le hearnáil thábhachtach fónais eile, earnáil an leictreachais, níl i luach na lamháltas san earnáil uisce ach 3.6 %. Tháinig méadú ar luach iomlán bliantúil na bhfógraí dámhachtana lamháltais san earnáil uisce i mblianta tosaigh na Treorach go níos mó ná a dheich n-oiread idir 2016 agus 2018. Tháinig laghdú beag air sa dá bhliain ina dhiaidh sin, ach chúitigh an méadú in 2021 an laghdú sin.

³³

Tá sonraí i mbunachar sonraí na nÚinéirí Deiridh Domhanda GWI maidir le tionscadail chóireála uisce agus fuíolluisce cathrach inar íoc an earnáil príobháideach an costas infheistíochta caipitil go léir nó cuid de.

Bhí an meánlíon tairiscintí a fuarthas in aghaidh na tairisceana maidir le lamháltais san earnáil uisce agus rannpháirtíocht FBManna beagán níos ísle ná an meán in earnálacha eile. Is féidir é sin a mhíniú toisc go bhfuil an earnáil uisce an-speisialaithe agus an-dian ar chaipiteal i gcomparáid le hearnálacha eile. Ina theannta sin, ní mór don lamháltóir an cumas airgeadais a bheith aige costas iomlán na hinfheistíochta chomh maith leis na rioscaí oibriúcháin a sheasamh roimh ré.

A mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht trasteorann, is cosúil go bhfuil minicíocht rannpháirtíochta trasteorann réasúnta mór i dtairiscintí trí fhochuideachtaí áitiúla atá faoi úinéireacht eachtrach.

Tá formhór na bpáirtithe leasmhara den tuairim go n-oibríonn na córais reatha atá i bhfeidhm sna Ballstáit go maith agus go dtacaíonn siad leis an earnáil uisce a eisiamh ó raon feidhme na Treorach. Agus iad ag agairt samplaí d'athbhardasú seirbhísí uisce, áitíonn siad nach meastar go bhfuil gá le rannpháirtíocht na hearnála príobháidí. Os a choinne sin, leag ionadaithe na hearnála gnó béim ar na heispéiris dhearfacha a bhain leis an Treoir. Ba é an tátal ar an iomlán go bhfuil rogha an chórais bainistíochta comhthéacsúil agus go bhfuil sé ag brath ar thosca sochaíocha áitiúla (éifeachtúlacht oibriúcháin, infheistíocht fhadtéarmach, inacmhainneacht, caomhnú uisce, cinnteacht soláthair, sláinte phoiblí, srl.).

Mar gheall ar shonraí teoranta ní féidir teacht ar aon chonclúid dhaingean fós maidir le tionchar na Treorach ar an earnáil uisce.

6. AMACH ROMHAINN

Tá an Coimisiún ag obair chun feidhmiú na Treorach a fheabhsú, go háirithe trí thionscnaimh nua maidir le trédhearcacht agus cáilíocht sonraí.

Tá trédhearcacht maidir le tairiscintí agus torthaí na lamháltas rithábhachtach chun cuspóirí na Treorach a bhaint amach. Braitheann sé ar shonraí cáilíochta maidir le lamháltais arna mbronnadh ag na Ballstáit, ar sonraí iad a bhfuil rochtain éasca ag gach gníomhaí sa mhargadh inmheánach orthu. Tá roinnt gníomhaíochtaí agus tionscnamh á bpleanáil ag an gCoimisiún chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus cáilíocht fhoriomlán na sonraí a bhaineann leis an Treoir agus lena cur chun feidhme.

An 16 Márta 2023, d'fhógair an Coimisiún go gcruthófaí **an Spás Sonraí um Sholáthar Poiblí (SSSP)**³⁴. Le SSSP, nascfar bunachair sonraí Eorpacha, lena n-áirítear sonraí Tenders Electronic Daily maidir le soláthar poiblí agus lamháltais, agus tacair sonraí soláthair náisiúnta atá ar fáil i dtairseacha náisiúnta agus beidh sé i gcroílár chlaochlú digiteach an tsoláthair poiblí agus lamháltas san Aontas. Fágfaidh SSSP go mbeifear in ann beartais sonraibhunaithe a cheapadh. Ina theannta sin, bainfidh ceannaitheoirí poiblí tairbhe as SSSP trí phleanáil níos fearr a dhéanamh ar ghlaonna ar thairiscintí, ar thagarmharcáil agus ar

³⁴ Teachtaireacht ón gCoimisiún 'Public Procurement: A data space to improve public spending, boost data-driven policy-making and improve access to tenders for SMEs [Spás sonraí chun feabhas a chur ar chaiteachas poiblí, borradh a chur faoi cheapadh beartas sonraibhunaithe agus feabhas a chur ar rochtain ar thairiscintí le haghaidh FBManna]' (2023/C981/01), IO C 981, 16.3.2023, lch. 1.

chomhroinnt eolais, ar mhéadú ar an digitiú, ar bhrath níos éasca ar chalaos agus ar chlaonpháirteachas. Feabhsóidh SSSP rochtain ar ghlaonna ar thairiscintí freisin, go háirithe do FBManna. Tá an trédhearcacht lárnach freisin i Réamhbheart Oifig na bhFoilseachán dar teideal ‘**Transparency in Public Procurement [Trédhearcacht sa Soláthar Poiblí]**’³⁵. Rinne Oifig na bhFoilseachán ceithre réimse gníomhaíochta a bhaineann le sonraí Tenders Electronic Daily a shainaithint: infhaighteacht, cáilíocht, inléiteacht agus idir-inoibritheacht. Tá roinnt tionscadal beartaithe chun cur le cur chun feidhme an Réamhbheart.

Ina theannta sin, sheol an Coimisiún Comhphobal na gCeannaitheoirí Poiblí³⁶ an 17 Aibreán 2023. Is tionscnamh é **Ardán na gCeannaitheoirí Poiblí** chun comhoibriú sa soláthar poiblí a fheabhsú. Is féidir le ceannaitheoirí poiblí tairbhe a bhaint as malartú eolais agus dea-chleachtas ar fud an Aontais seachas a bheith ag obair ar bhonn aonair ar shaincheistean. Is é is aidhm don Chomhphobal cumhacht a thabhairt do cheannaitheoirí poiblí agus dóibh siúd atá ag obair sa soláthar poiblí (ceannaitheoirí, soláthraithe, lucht acadúil agus páirtithe leasmhara) teacht le chéile agus dul i dteagmháil leis an gCoimisiún Eorpach chun malartú faisnéise agus fios gnó ar thús cadhnaíochta maidir le soláthar poiblí a chothú agus gníomhaíocht chomhpháirteach agus comhoibriú córasach sa soláthar poiblí a spreagadh. Tá sé mar cheann d’aidhmeanna an chomhair seo is ea feabhas a chur ar an rochtain atá ag FBManna ar an margadh soláthair poiblí agus lamháltas.

7. CONCLÚIDÍ

Níl an Treoir curtha i bhfeidhm i ngach Ballstát ach le trí bliana anuas agus dá bhrí sin níl mórán faisnéise ann, rud a chuireann cosc ar chomparáid iomlán leis an tréimhse roimh an Treoir a bheith ann.

Ag an bpointe seo, is cosúil go bhfuil sé ró-luath lena rá an bhfuil a cuspóirí bainte amach ag an Treoir, is é sin, deimhneacht dhlíthiúil a mhéadú agus rochtain níos fearr ar mhargadh lamháltas an Aontais a áirithiú. Mar sin féin, is féidir teacht ar roinnt réamhchonclúidí, mar a achoimrítear thíos.

Tá an Treoir trasuite ag na Ballstáit uile agus tá **údaráis faireacháin agus struchtúir faireacháin curtha ar bun acu chun cur chun feidhme ceart agus éifeachtúil na rialacha maidir le conarthaí lamháltais a dhámhachtain a áirithiú**. Mar sin féin, aimsíonn formhór na mBallstát léirmhíniú míshoiléir agus cur i bhfeidhm mícheart na rialacha i gcónaí.

Chomh maith leis sin, thug an Treoir níos mó trédhearcachta isteach sa phróiseas dámhachtana. Tá méadú tagtha de réir a chéile ar an líon lamháltas a foilsíodh ó bhí 2016 ann. Cé go ndámhtar na lamháltais is airde luacha den chuid is mó gan fógra conartha a fhoilsiú, agus dá bhrí sin gan glao ar iomaíocht, is féidir an cás sin a mhíniú toisc go bhfreagraíonn na lamháltais sin go príomha don dáileadh leictreachais arb é is saintréith dó, i mBallstáit áirithe, cearta speisialta nó eisiacha nó monaplacht dhlíthiúil a bheith ann. Dá bhrí sin, ní cúis inní iad na dámhachtainí sin ó thaobh chomhlíonadh na Treorach maidir le Lamháltais de.

³⁵ <https://simap.ted.europa.eu/web/simap/preparatory-action-on-transparency-in-public-procurement>

³⁶ [Leathanach Baile| Comhphobal na gCeannaitheoirí Poiblí \(europa.eu\)](#)

Maidir le leibhéal na hiomaíochta le haghaidh lamháltas, tugadh faoi deara **nach raibh tionchar comhsheasmhach ag an Treoir ar leibhéal na rannpháirtíochta i gcomórtais le haghaidh conarthaí lamháltais.**

Ina theannta sin, in ainneoin go bhfuil sé oscailte do thairgeoirí ó Bhallstáit eile, **níor mheall margadh lamháltas an Aontais mórán rannpháirtíocht trasteorann go dtí seo.** Ní bhaineann an cás seo go sonrach leis an margadh lamháltais ach tá sé sách coitianta i gcás an tsoláthair phoiblí i gcoitinne agus tá éagsúlacht mhór ann idir na Ballstáit.

Is cosúil go bhfuil méadú tagtha ar leibhéal rannpháirtíochta FBManna le 5 bliana anuas, cé go bhfuil sciar na FBManna sa mhargadh lamháltais réasúnta íseal i gcomparáid lena sciar sa gheilleagar iomlán.

I bhfianaise a thábhachtaí atá FBManna do gheilleagar an Aontais, tugann an fhianaise teoranta atá **ar fáil le fios gur cheart go mbeadh fócas níos mó ar FBManna i gcomhthéacs dámhachtainí lamháltas ina thosaíocht** ag na Ballstáit agus ag údaráis/eintitis chonarthacha.

Maidir le hearnáil an uisce, ós rud é nach bhfuil ach líon sonraí teoranta ar fáil ó dhornán Ballstát ní féidir conclúidí daingne a bhaint astu maidir le tionchar na Treorach ar an earnáil uisce i gcoitinne.

Tá roinnt tionscnamh seolta ag an gCoimisiún le déanaí, amhail an Spás Sonraí um Sholáthar Poiblí, an Réamhbheart maidir le Trédhearcacht sa Soláthar Poiblí agus Ardán na gCeannaitheoirí Poiblí, chun trédhearcacht agus cáilíocht na sonraí sna margáí soláthar poiblí agus lamháltas a chur chun cinn tuilleadh.

Le himeacht ama, beifear in ann measúnuithe níos mionsonraithe a dhéanamh ar bhonn na taithí a fhaightear leis an Treoir. Táthar ag súil go gcaithfear tuilleadh solais ar fhíor-thionchar na Treorach ar mhargadh na lamháltas sa chéad tuarascáil eile a ullmhóidh an Coimisiún.